Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11092 — BLACKSTONE / CDPQ / INVENERGY / AEP RENEWABLES / AEP WIND HOLDINGS / TRENT WIND FARM / DESERT SKY WIND FARM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 133/04)

1. An 5 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Blackstone Inc. ("Blackstone") (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Caisse de dépôt et placement du Québec ("CDPQ", Ceanada),

— Invenergy IRH Holdings LLC ("Invenergy") faoi rialú Invenergy Investment Company LLC ("Invenergy Group") (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— AEP Renewables LLC, AEP Wind Holdings LLC, Trent Wind Farm LLC, Desert Sky Windfarm LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá, gach ceann acu), faoi rialú American Electricity Power Company Inc.

Gheobhaidh Blackstone, CDPQ agus Invenergy rialú comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc ar AEP Renewables, AEP Wind Holdings, Trent Wind Farm agus Desert Sky Wind Farm ina n-iomláine, le chéile na "Sprioc-chuideachtaí".

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Blackstone,

— Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é CDPQ a bhainistíonn cistí a thaisceoirí, go príomha pleananna poiblí pinsin agus árachais ó Québec,

— Oibríonn Invenergy gnó fuinnimh in-athnuaite Invenergy Group. Tá saoráidí mórscála in-athnuaite fuinnimh agus saoráidí mórscála eile stórála agus giniúna fuinnimh ghlain i Meiriceá Thuaidh, i Meiriceá Laidineach, san Áise agus san Eoraip ag Invenergy Group agus déanann sé iad a oibriú agus a fhorbairt,

— Tá saoráidí giniúna fuinnimh in-athnuaite agus sócmhainní gaolmhara ag na Sprioc-chuideachtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11092 — BLACKSTONE / CDPQ / INVENERGY / AEP RENEWABLES / AEP WIND HOLDINGS / TRENT WIND FARM / DESERT SKY WIND FARM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË